SPU

An tAonad um Sholáthar do Scoileanna

EAGRÁN 12:
RÁITHE 2, 2019

# Nuachtlitir Sholáthair

## Soláthar Inbhuanaithe agus Scoileanna

Is éard atá i gceist le Soláthar Inbhuanaithe ná féachaint chuige go mbainfear amach luach ar airgead ar bhonn costais saolré i leith na n-earraí agus na seirbhísí a cheannaíonn scoileanna, agus nach é amháin go dtéann an ceannach sin chun tairbhe na scoileanna féin, ach go gcuidíonn sé freisin leis an gcomhshaol, leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar i gceantar na scoile. Ach a bheith ag soláthar ar bhealach inbhuanaithe, bímid ag breathnú níos faide uainn ná na riachtanais ghearrthéarmacha agus ag féachaint cén tionchar fadtéarmach a bheidh ag na nithe go léir a cheannaímid.

### LEIDEANNA LE SOLÁTHAR INBHUANAITHE A BHAINT AMACH I SCOILEANNA

- ÚSÁID EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍTEAR GO LÁRNACH NUAIR IS FÉIDIR
- CUIR BEARTAS SOLÁTHAIR INBHUANAITHE I DTOLL A CHÉILE DO DO SCOIL
- DÉAN DO CHUID TAIGHDE!
- BÍODH AN TEAGASC AGUS AN FHOGHLAIM AG TEACHT LE CHÉILE
- NÁ CAITH AN IOMARCA AMA AG IARRAIDH CÚPLA EURO A SHÁBHÁIL – COINNIGH COSTAS IOMLÁN AN TSOLÁTHAIR I GCUIMHNE
- FEABHSAIGH DO CHUMHACHT CHEANNAIGH – OIBRIGH AS LÁMHA A CHÉILE LE SCOILEANNA EILE NUAIR IS FÉIDIR
- COINNIGH SÚIL AMACH DO ROGHANNA EILE – UAIREANTA NÍ HIAD NA TÁIRGÍ BRANDÁILTE NA TÁIRGÍ IS FEARR
- BÍODH AN SCOIL UILE PÁIRTEACH SA PHRÓISEAS. LIG DO NA SCOLÁIRÍ PÁIRT A GHLACADH SA PHRÓISEAS.
- BÍODH A FHIOS AGAT CÉ CHOMH CUMHACHTACH IS ATÁ TÚ – CÁ MHÉAD ATÁ LE CAITHEAMH AGAT? CÉARD IAD NA TEORAINNEACHA?
- PLEANÁIL CHUN CINN – DÉAN SAINAITHINT AR DO CHUID RIACHTANAS GO LUATH LEIS AN MARGADH IS FEARR A FHÁIL
- CUIR OILIÚINT AR BHAILL FOIRNE CUÍ/FÁG CÚRAIMÍ SOLÁTHAIR FÚTHU. FAIGH TACAÍOCHT ÓN BHFOIREANN UILE.

## San eagrán seo


- Soláthar Inbhuanaithe agus Scoileanna
- Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – Fuinneamh san Oideachas – Tuairiscí Samhraidh
- Táirgí Lónadóireachta atá Intomhalta agus Inmhúirínithe
- Soláthar Leictreachais – An Luach is Fearr ar Airgead a Bhaint Amach
- Socruithe Nua maidir le Ríomhairí Deisce agus Ríomhairí Glúine
- Réitigh Íocaíochtaí Scoile – Taithí na scoileanna, ina bhfocail féin
- Creat maidir le Dramhaíl Ghuaiseach a Dhiúscairt
- Creat maidir le Gáis agus Gabhálais Saotharlainne a Sholáthar
- Fógra Tábhachtach maidir le Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige
- Creat maidir le Fuaraitheoirí Uisce Buidéil, Buidéil Uisce, Fuaraitheoirí Pointe Úsáide agus Seirbhísí Gaolmhara a Sholáthar
- Creat maidir le Seirbhísí i dtaobh Imscrúduithe Seachtracha ar an Ionad Oibre
- Na Teistiméireachtaí is Déanaí – An méid a deir ár gCliaint fúinn


Is mian leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna gach rath a ghuí ar na scoileanna go léir don scoilbhliain atá amach romhainn. Táimid ag tnúth go mór le leanúint lenár seirbhís comhairle agus tacaíochta a chur ar fáil do do scoil féin i dtaca le gach a mbaineann le cúrsaí soláthair i rith 2019/20, agus ina dhiaidh sin.

# An Nuacht is Déanaí faoi Chúrsaí Fuinnimh ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Samhradh 2019

Ba mhaith le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann buíochas a ghabháil leis na scoileanna (an líon is mó díobh riamh) a thug chun críche a gcuid cúraimí monatóireachta agus tuairiscithe fuinnimh i leith na bliana 2018.

Úsáidfear na sonraí chun féachaint cé mar atá ag éirí leis an earnáil phoiblí ó thaobh a sprioc éifeachtúlachta fuinnimh 33% don bhliain 2020 a bhaint amach, agus foilseofar iad sa chéad Tuarascáil Bhliantúil eile ar Fheidhmíocht Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí (a bheidh ar fáil níos déanaí i mbliana). I gcás scoileanna nach bhfuil tuairiscí curtha isteach acu, is féidir leo clárú leis an Údarás tráth ar bith ach teagmháil a dhéanamh le mandr@seai.ie. Tá an córas tuairiscithe ar líne dúnta anois i leith na bliana 2018 ach gheobhaidh tú sonraí agus tacaíochtaí don bhliain seo chugainn ag: **www.seai.ie/schoolsmandr**

energy in education
www.energyineducation.ie

## An spéis leat costais fuinnimh na scoile a laghdú?

Faoin gclár 'Fuinneamh san Oideachas', cuirtear ar fáil tacaíochtaí éagsúla – a d'fhorbair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna – atá ceaptha chun cabhrú le scoileanna cleachtais bainistíochta fuinnimh a fheabhsú, costais oibriúcháin na scoileanna a laghdú agus an comhshaol a chosaint.

I gcomhair tuilleadh eolais nó chun a léiriú gur spéis leat freastal ar chúrsa bainistíochta fuinnimh san Fhómhar, téigh chuig: **http://www.energyineducation.ie/Energy_In_Education/Information_for_Schools/Energy_Management_Courses/index.html**

## Leideanna Fuinnimh ✓

**Arbh eol duit go bhféadfadh scoil mhór breis is €1,000 a chur amú ar leictreachas i gcaitheamh an tsamhraidh?** Agus laethanta saoire an tsamhraidh ag teannadh linn, is tábhachtach an rud é go múchfaidh na scoileanna an oiread trealaimh is féidir a ídíonn fuinneamh. Féach **an bhileog fíricí** chun tuilleadh leideanna a fháil maidir le conas airgead agus fuinneamh a shábháil agus an scoil á dúnadh ar feadh an tsamhraidh.

Gheobhaidh tú tuilleadh leideanna faoi conas fuinneamh agus airgead a shábháil sa scoil ag **www.energyineducation.ie**

Tá acmhainní teagaisc agus ceardlanna do dhaltaí ag **www.seai.ie/teaching-sustainability**

Cláraigh **anseo** i gcomhair ríomhiris na scoileanna de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus beidh an scéala is déanaí agat maidir le hacmhainní agus tacaíocht ó thaobh a bheith ag múineadh faoi fhuinneamh agus inbhuanaitheacht ar scoil

## Táirgí Lónadóireachta atá Intomhalta agus Inmhúirínithe

Tá creat íostarraingthe dírí soláthraí aonair bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais maidir le Táirgí Lónadóireachta atá Intomhalta agus Inmhúirínithe (cupáin inmhúirínithe, coimeádáin, athchúrsáil, agus plaisteach) a sholáthar agus a sheachadadh. Tá an creat roinnte ina 9 mbeart gheografacha. Is é Bunzl an soláthraí i ngach ceann de na bearta sin. Seo a leanas an próiseas: chun cuntas a chur i ngníomh, ní mór don scoil Foirm Fógra um Ghníomhú Earraí (nó Notification to Activate Goods Form [NAGF] i mBéarla) a líonadh isteach agus a chur faoi bhráid Bunzl le haghaidh an bhirt gheografaigh chuí. Déanfaidh Bunzl an fhoirm sin a chomhshíniú agus cuirfidh siad ar ais chuig an scoil í taobh istigh de chúig lá. Féadfaidh an scoil earraí a ordú ansin ach ríomhphost a chur chuig Bunzl nó glao a chur orthu. Tá na sonraí iomlána, an treoirleabhar d'úsáideoirí agus an liosta táirgí ar fáil i limistéar na gceannaitheoirí – **https://bz.procurement.ie/system/files/ contracts/11351/updatedcatering consumables and disposableproducts userguide1910.pdf**

## Bille Leictreachais na Scoile... an bhfuil an luach is fearr ar airgead á bhaint amach agaibh?

An bhfuil conradh téarma shainithe déanta idir an scoil agus an soláthraí leictreachais? Mura bhfuil an scoil faoi réir conradh téarma shainithe, is dócha go bhfuil táille ar ráta 'réamhshocraithe' á gearradh uirthi, agus d'fhéadfadh an táille sin a bheith suas le 20% níos airde ná an ráta a ghearrfaí oraibh faoin gconradh atá déanta ag an Oifig um Sholáthar Rialtais thar ceann na hearnála scoile. An raibh a fhios sin agat? Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil faoin gconradh leictreachais sin, a bhaineann go sonrach leis na scoileanna, agus conas a bheith páirteach ann? Níl le déanamh agat ach coinneáil ort ag léamh...

Tar éis próiseas tairisceana, is ar Energia a bhronn an Oifig um Sholáthar Rialtais an conradh chun leictreachas a sholáthar don earnáil scoile. Ritheann an conradh ón 1 Bealtaine 2018 agus tá feidhm aige ar feadh tréimhse trí bliana. Meastar go sábhálfar ar a laghad €340,000 in aghaidh na bliana don earnáil scoile ina hiomláine faoin gconradh sin, agus d'fhéadfadh sábháil airgid cuid mhaith níos mó a bheith i gceist. Ní gá do scoil ar bith a bheith páirteach sa chonradh de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais, ach más mian leat do scoil a chur faoina réir, téigh chuig leathanach gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna ag **https://www.spu.ie/electricity-for-schools** chun féachaint ar na roghanna atá ar fáil do do scoil féin, beag beann ar na socruithe leictreachais atá i bhfeidhm agaibh faoi láthair. Go deimhin, b'fhéidir go bhfuair do scoil comhfhreagras ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna cheana féin, inar luadh na buntáistí a bhaineann le bheith páirteach sa chonradh. Buntáiste mór d'earnáil na scoileanna is ea an méid seo a leanas: má ghlacann do scoil páirt sa chonradh leictreachais, rathófar go soláthróidh Energia suas le 37.3% den leictreachais ó fhoinse in-athnuaite in 2019 agus 42.5% de ó fhoinse in-athnuaite in 2020, rud a chuirfidh ar chumas na scoileanna cláraithe na spriocanna bliantúla a bhaint amach i dtaobh leictreachas in-athnuaite a úsáid, mar a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fhuinneamh In-athnuaite d'Éirinn.

Má theastaíonn faisnéis agus/nó soiléiriú breise uait faoin bpróiseas sin, nó maidir le haon ábhar soláthair, déan teagmháil leis an Aonad um Sholáthar do Scoileanna ag 01-2035899 nó ar an ríomhphost ag **procurementsupport@spu.ie**

# Socruithe Nua maidir le Ríomhairí Deisce agus Ríomhairí Glúine


Cuireadh dhá shocrú nua ar fáil le déanaí do na scoileanna maidir le ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a fháil. Baineann an chéad socrú le ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine, idir ríomhairí sonraíochta caighdeánaí agus ríomhairí ardsonraíochta, chun freastal ar riachtanais na scoile. Faoin dara socrú, atá ar fáil do gach comhlacht san earnáil phoiblí, tá cúig rogha éagsúla ar fáil ó thaobh ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine. Faoin dá shocrú sin, is féidir leis na scoileanna na ríomhairí atá uathu a fháil díreach ó na soláthraithe atá ceaptha – go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go bhfuil an próiseas soláthair tugtha chun críche cheana féin agus, nuair a bheidh a rogha déanta ag na scoileanna, gur féidir leo orduithe a chur isteach faoi phróiseas sainithe rannpháirtíochta. Ní hé atá i gceist go bhfuil na sonraíochtaí atá ar fáil faoi na conarthaí sainiúla scoile níos fearr ná níos measa ná iad siúd atá ar fáil anois faoi chreat nua na hearnála poiblí. Beidh ar scoileanna iad féin a chinneadh cé acu de na pacáistí atá ar fáil is fearr a oireann do na riachtanais ar leith atá acu féin, agus cúinsí teicniúla agus luach ar airgead á gcur san áireamh acu.

## Roghanna Sainiúla do na Scoileanna

Ríomhairí glúine


Ríomhairí

Cliceáil ar na cnaipí le PDFanna a íoslódáil


Laptops for Schools and ETBs

Standard Specification
Model - HP Probook 455 G6

Higher Specification
Model - HP Elitebook 745 G5


PCs for Schools and ETBs

Standard Specification PC
Model - CELTIC R2200 PC SYSTEM

Higher Specification PC
Model - CELTIC R2300 PC SYSTEM

## Roghanna Breise atá ar fáil do na Scoileanna chun Ríomhairí Deisce agus Ríomhairí Glúine a fháil

Más rud é go bhfuil ríomhairí pearsanta, ríomhairí deisce nó ríomhairí glúine (ach ní ríomhairí hibrideacha ná táibléid) a ritheann Microsoft Windows ag teastáil ón scoil, beidh roghanna breise ag an scoil maidir le gléasanna a cheannach faoin gCreat nua de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais.

### Ríomhairí Deisce Windows, go sonrach:

- Ríomhairí Pearsanta Caighdeánacha (Roghanna ó thaobh foirmfhachtóir beag agus foirmfhachtóir miontúir)
- Micriríomhairí pearsanta

### Ríomhairí Glúine Windows, go sonrach:

- Ríomhairí glúine caighdeánacha (scáileán 15.6”)
- Ríomhairí glúine éadroma (scáileán 14”)
- Ríomhairí glúine an-iniompartha (scáileán 13.3”)

- Roghanna maidir le huasghrádú agus roghanna cumraíochta (ar nós CPU, RAM agus stóras)
- Forimeallaigh chomhoiriúnacha (ar nós monatóirí, callairí agus cuibheoirí breise)
- Seirbhísí gaolmhara (ar nós íomháú, baint as an bpacáiste agus fáil réidh leis an bpacáiste, agus suiteáil)

### Trí chreat-chomhaontú in aon cheann amháin is ea Creat na hOifige um Sholáthar Rialtais i leith ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine:

**Ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine (<50 gléas) agus seirbhísí gaolmhara.**

**Ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine (51-250 gléas) agus seirbhísí gaolmhara.**

**Ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine (251+ gléas) agus seirbhísí gaolmhara.**

Ba cheart d’úsáideoirí an Chreata an Creat-Chomhaontú ábhartha a roghnú bunaithe ar na riachtanais atá acu féin i leith ríomhairí pearsanta agus ríomhairí glúine. Tá na Treoracha d’Úsáideoirí maidir le gach comhaontú ar fáil ar tháb na Scoileanna sna Treoracha d’Úsáideoirí ar Láithreán Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais ag **https://bz.procurement.ie/contracts/4264**. Chun breathnú orthu, beidh ort clárú roimh ré mar úsáideoir ar láithreán gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais. Téigh go dtí **www.ogp.gov.ie** agus cliceáil ar an nasc chuig Limistéar na gCeannaitheoirí.

**Is é Datapac an soláthraí aonair don bhliain chonartha ón 10 Iúil 2019 go dtí an 9 Iúil 2020. Freastalaíonn an soláthraí aonair ar riachtanais uile na gcliant faoin gCreat-Chomhaontú.**

# Réitigh Íocaíochta Scoile do Bhunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna




Tá creat ina bhfuil trí sholáthraí seirbhíse (Payzone, MIT agus Three Ireland) curtha ar bun ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun réitigh íocaíochta a chur ar fáil do na scoileanna. Gheobhaidh tú tuilleadh sonraí faoina bhfuil i gceist leis an gcreat agus faoi conas páirt a ghlacadh ann ar láithreán gréasáin na Roinne ag - https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Procurement/framework-agreement.pdf

**Seo a dúirt roinnt scoileanna faoin taithí atá acu go dtí seo ar réitigh íocaíochta a chur i bhfeidhm faoin gcreat:**

## Payzone/Easy Payments Plus

https://www.easypaymentsplus.com/OnlinePayments/SchoolPayments

*"Shocraíomar níos luaithe i mbliana an réiteach íocaíochta ar líne 'Easy Payments Plus' a chur i bhfeidhm. Ba é an chéad mhír a sheol muid ar an ardán ná feachtas chun airgead a bhailiú, ós rud é go bhfuil an scoil nua á tógáil. Feachtas 'Buy-a-Brick' a bhí i gceist, agus d'fhág an córas Easy Payments Plus go rabhamar in ann an réiteach íocaíochta ar líne a chur le láithreán gréasáin na scoile sa chaoi is go bhféadfadh duine ar bith den phobal síntiús a dhéanamh. Faoin gcóras Easy Payments Plus, bhí ar ár gcumas freisin a fhiafraí den deontóir cén píosa téacs ar mhian leis nó léi a bheith ar gach bríce. Sheolamar an córas ar an 1 Márta 2019 agus bhí ríméad orainn é a bheith chomh héasca agus chomh háisiúil ag daoine síntiús a thabhairt, agus an t-airgead a bheith ar fáil don scoil ar an bpointe boise."*

Tony O'Sullivan, Cathaoirleach
Bunscoil Chlochar na Trócaire

*"Bhí áthas orainn nuair a chuir Easy Payments Plus an áis i bhfeidhm trína bhféadfadh na tuismitheoirí íocaíochtaí a dhéanamh i siopa Payzone ina gceantar féin. Ó cuireadh i bhfeidhm é sin, tá laghdú mór tagtha ar an méid airgid thirim a fhaighimid. Ní bhíonn le déanamh againn ach iarratas ar íocaíocht a chur chuig na tuismitheoirí le téacs nó ar an ríomhphost, agus is féidir leis na tuismitheoirí é sin a thabhairt chuig an siopa agus an íocaíocht a chur isteach in éineacht leis an uimhir thagartha. Bíonn an t-idirbheart le feiceáil inár dtuarascálacha beagnach ar an bpointe agus tagann an t-airgead isteach inár gcuntas bainc 3 lá ina dhiaidh sin. Is cinnte dearfa go molfainn an córas d'aon scoil."*

Rena McGrath, Pobalscoil an Ghoirt

## MIT – Córas Íocaíochta Scoileanna

http://www.mit.ie/index.php/news/schools-payment-solution/

*"Úsáidimse an córas MIT i gcomhair íocaíochtaí ar líne gach lá, agus molaim foireann tacaíochta na gnólachta sin go hard na spéire. Níl amhras ar bith gur dream iad a bhfuil saineolas acu agus a mbíonn fonn orthu cúnamh a thabhairt. Is iontach scafánta, gairmiúil a bhíonn siad ag freagairt ceisteanna agus ag tabhairt cúnaimh. Braithim go bhfaighim tacaíocht phearsanta, oiriúnaithe uathu ar bhealach praiticiúil atá thar a bheith cairdiúil. Seirbhís den scoth do chustaiméirí a bhíonn i gceist."*

(Mary) Oifigeach Riaracháin i gColáiste Pobail Lusca, Co. Bhaile Átha Cliath

*"Nuair a chuaigh BOOÁCDL ag lorg Córas Íocaíochtaí Scoile chun na híocaíochtaí ar líne agus na híocaíochtaí airgid thirim go léir a bhainistiú inár gcuid bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, ba é MIT a roghnaíomar mar sholáthraí iontaofa. Bhí muid ag obair le MIT le roinnt blianta anuas agus bhí a fhios againn go bhféadfaimis brath orthu chun córas slán, iontaofa, stuama a sholáthar.*

*Déanann Córas Íocaíochtaí Scoile MIT gach rud atá uainn: gach íocaíocht ar líne a bhainistiú, íocaíochtaí airgid thirim a bhainistiú, réiteach cuntas, tuairisciú, bainistiú a dhéanamh ar an gcumarsáid leis na tuismitheoirí agus ar mheabhrúcháin téacs, chomh maith le rian iniúchta maith a sholáthar, i measc eile.*

*Measann na tuismitheoirí agus na scoileanna go bhfuil an córas íocaíochta ar líne áisiúil agus éasca le húsáid, agus tá sé níos éasca táillí scoile a bhailiú ó cuireadh i bhfeidhm é. Oibríonn an córas go furasta leis an gcóras faisnéise bainistíochta dár gcuid agus soláthraíonn MIT seirbhís tacaíochta iardhíola den chéad scoth.*

*Mholfaimis an córas go mór d'aon scoil."*

(Margaret) oifigeach airgeadais sinsearach sa Rannóg Airgeadais i mBord Oideachais agus Oiliúna Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire

## 3Ireland/Way2Pay

https://www.three.ie/business/solutions/education-way2pay/

*"Tá níos mó ná 90% na tuismitheoirí ag déanamh íocaíochtaí ar líne le Gaelcholáiste Luimnigh anois trí chóras íocaíochta na scoile, atá nasctha le láithreán gréasáin na scoile sa chaoi is gur furasta é a úsáid. Tá éifeachtúlacht riaracháin i gceist freisin agus spáráil costais dá réir, rud a fhágann gur mó an méid ama a bhíonn againn chun díriú ar riachtanais na scoláirí agus tacú leis an bhfoireann laistigh den scoil.*

*Cuidíonn úsáid an chórais linn na billí scoile a bhainistiú, iad a rianú agus admhálacha a eisiúint. Is solúbtha an áis é do na tuismitheoirí agus molann siad é mar réiteach nua ós rud é nach gá dóibh imeacht ón obair a thuilleadh chun bualadh isteach chun na scoile, ná imní a bheith orthu go mbeidh airgead á thabhairt chun na scoile ag a bpáiste.*

*Is é an ghné is fearr den chóras, dar le rúnaí scoile, ná gur féidir leat meabhrúcháin SMS a sheoladh agus nach rachaidh siadsan ach chuig na daoine a bhfuil táille fós le híoc acu. San am atá caite bhíodh orainn dul siar de láimh trí shonraisc agus íocaíochtaí chun féachaint cé na táillí nach raibh íoctha go fóill, agus sonraisc a chur amach ar an bpost arís – rud a thóg a lán ama orainn."*

Caroline Crowe, Rúnaí Scoile,
Gaelcholáiste Luimnigh

*"Bhí áthas orainn nuair a chinn Scoil Bhríde córas íocaíochta ar líne a chur i bhfeidhm le haghaidh íocaíochtaí scoile. Fágann an córas seo gur féidir liom na billí atá dlite don scoil i leith mo bheirt pháistí a bhainistiú agus a rianú. Tá ríméad orm freisin nach gá dom imeacht ón obair chun bualadh isteach chun na scoile ná imní a bheith orm faoi airgead a bheith á iompar chun na scoile ag na páistí.*

*Ní hé amháin nach gá a bheith ag rith ón mbanc chuig an scoil, is é an ghné is fearr, ó thaobh tuismitheora de, ná a éasca tá sé an córas a úsáid. Ní thógann sé ach nóiméad logáil isteach agus íocaíocht a dhéanamh. Nuair a chliceálaim ar nasc le teachtaireacht téacs, ní gá dom ainm úsáideora ná pasfhocal a chur isteach – ní bhíonn ag teastáil ach na ceithre dhigit dheireanacha de m'uimhir fóin póca, agus is féidir liom íocaíocht a dhéanamh láithreach bonn... tá sé chomh háisiúil."*

L. Clarke Uasal, Tuismitheoir scoláirí atá ag freastal ar Choláiste Bhríde, Baile Locha Riach

# Creat maidir le Dramhaíl Ghuaiseach a Dhiúscairt



Tá creat bunaithe ag FSS chun fáil réidh le dramhaíl ghuaiseach, agus tá an creat sin ar fáil do scoileanna a mbíonn ábhair ghuaiseacha á ndiúscairt ón tsaotharlann eolaíochta acu. Tá an Treoir d'Úsáideoirí ar láithreán gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna ag –

https://www.spu.ie/wp-content/uploads/2019/07/Hazardous-Waste-User-Guide-V1.0.doc

– agus is ansin a gheofar na foirmeacha trínar féidir leis an scoil dul i dteagmháil leis an soláthraí seirbhíse, Stericycle.

Chun páirt a ghlacadh sa chonradh i gcomhair seirbhísí maidir le Dramhaíl a mbaineann Riosca Guaise léi, ní mór do scoil (údarás conarthach) an Fhoirm um Fhógra maidir le Gníomhachtú (NASF – in Aguisín 1), sa Treoir d'Úsáideoirí, a líonadh isteach. Is mar sin a dhéanfar an scoil a ghníomhachtú mar rannpháirtí sa chonradh seo. Seol an fhoirm NASF chuig Stericycle chun í a shíniú, ar an ríomhphost chuig fdowling@stericycle.com Chomh maith leis sin, líon isteach an Fhoirm um Chuntas a Chur ar Bun (Aguisín 2) agus seol ar ais chuig Stericycle í. Tar éis di cuntas a chur ar bun, is féidir leis an scoil Iarratas ar Luachan (SRFQ) (Aguisín 3) a chur isteach le haghaidh seirbhísí maidir le Dramhaíl a mbaineann Riosca Guaise léi, agus é a chur ar aghaidh chuig Stericycle ag fdowling@stericycle.com Más rud é go mbeidh fadhb éigin ann leis na seirbhísí nach bhfaighfear réiteach sásúil uirthi, is féidir coinneáil leis an gcás ach an Fhoirm um Fhógra maidir le Fadhbanna (Aguisín 4) a líonadh isteach. Más mian leat do chuid riachtanas a phlé le Stericycle, luaitear na sonraí teagmhála in Aguisín 5 (Daoine atá Sannta ag an gConraitheoir – Tacaíocht agus Teagmháil i leith an Chonartha).

# Creat maidir le Gáis agus Gabhálais Saotharlainne a Sholáthar


Tá creat ilsoláthraithe bunaithe ag na Seirbhísí Soláthair Oideachais don tSeirbhís Chomhlachaithe um Gháis agus Gabhálais Saotharlainne/Liachta thar shé bheart.

| Uimhir an Bhirt | Catagóir | An Soláthraí atá sa Chéad Áit |
|---|---|---|
| 1 | Gáis Chaighdeánacha | BOC Gases |
| 2 | Gáis Liachta | Irish Oxygen |
| 3 | Gáis Taighde agus Gáis Speisialta | BOC Gases |
| 4 | Oighear Tirim agus Coimeádáin Stórála | BOC Gases |
| 5 | Bulc-Gháis | BOC Gases |
| 6 | Trealamh Coimhdeach agus Gabhálais | Irish Oxygen |

Ionas go mbeidh siad in ann táirgí a cheannach ar bhonn leanúnach faoin gCreat maidir leis an tSeirbhís Chomhlachaithe um Gháis agus Gabhálais Saotharlainne/Liachta, beidh ar Chliaint an Chreata (Scoileanna) an próiseas céim ar chéim a leanúint a leagtar amach i Leathanaigh 11–12 den Treoir d'Úsáideoirí, chun féachaint chuige go ndéanfar gníomhachtú ar bhealach comhlíontach. Ba cheart do chliaint an chreata teagmháil a dhéanamh leis na Seirbhísí Soláthair Oideachais chun a léiriú gur spéis leo an Creat-Chomhaontú seo a úsáid chun Gáis agus Gabhálais Saotharlainne/Liachta a fháil. Tá cóip den Treoir d'Úsáideoirí ar láithreán gréasáin an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna ag –

https://www.spu.ie/wp-content/uploads/2019/07/1.1-User-guide-Laboratory-Medical-Gases-and-Accessories-FWA.pdf





# Fógra Tábhachtach maidir le Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige

Amhail ó dheireadh mhí an Mheithimh 2019, tá an creat de chuid na hOifige um Sholáthar Rialtais i leith Stáiseanóireachta agus Soláthairtí Oifige imithe in éag. Mar gheall ar dheacrachtaí a bhain leis an gcreat sin, níl aon socruithe nua curtha i bhfeidhm ag an Oifig sin go fóill. Táthar ag súil go mbeidh creat nua ar fáil do na scoileanna le húsáid chomh luath agus is féidir sa chéad ráithe den bhliain 2020.

D'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna in ann freastal ar chuid de na riachtanais atá acu trí chreatlaí eile de chuid na hOifige.

- Tá páipéar i gcomhair printéirí agus innill fótachóipeála ar fáil faoin gcreat-chomhaontú maidir le páipéar oifige ilchuspóireach
- Tá luchóga ríomhaire, méarchláir, méaróga USB, tonóir, dúch, etc. ar fáil faoin gcreat maidir le tomhaltáin TFC
- Is féidir stampaí poist a cheannach ar an mórchóir, díreach ó An Post

Tá sonraí maidir leis na creataí sin agus na creataí go léir ar fáil d'úsáideoirí cláraithe ar leathanach na Scoileanna i Limistéar na gCeannaitheoirí ar láithreán gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais – **www.ogp.gov.ie**. Lasmuigh de chonarthaí lárnacha na hOifige sin, ba cheart earraí stáiseanóireachta agus soláthairtí oifige a cheannach i gcomhréir leis an treoir ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna - **https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/**

Tá teimpléad i gcomhair Iarratas ar Luachan ar fáil ón Aonad um Sholáthar do Scoileanna chun cabhrú le scoileanna freastal ar na riachtanais atá acu maidir le stáiseanóireacht agus soláthairtí oifige. Tá na teimpléid sin ar láithreán gréasáin an Aonaid anseo - **https://www.spu.ie/request-for-quotation/**



## Creat maidir le Fuaraitheoirí Uisce Buidéil, Buidéil Uisce, Fuaraitheoirí Pointe Úsáide agus Seirbhísí Gaolmhara a Sholáthar

Tá Creat-Chonradh nua Soláthraí Aonair ar fáil do scoileanna ón 3 Meitheamh 2019 maidir le Fuaraitheoirí Uisce Buidéil, Buidéil Uisce, Fuaraitheoirí Pointe Úsáide (ó phríomhlíne) agus Seirbhísí Cothabhála i gcomhair Fuaraitheoirí Uisce a Sholáthar. Tá réitigh éagsúla maidir le Fuaraitheoirí Uisce ar fáil faoin gconradh, mar seo a leanas:

- Fuaraitheoirí buidéal uisce a thugtar ar iasacht saor in aisce;
- Buidéil uisce 8.9 lítear agus 11 lítear gan aon táillí taisce;
- Fuaraitheoirí pointe úsáide (ó phríomhlíne) a cheannach nó ar cíos; agus
- Cothabháil a dhéanamh ar fhuaraitheoirí pointe úsáide (ó phríomhlíne) ar leis an gcustaiméir iad.

Gheofar na sonraí iomlána maidir le conas an creat sin a úsáid sa Treoir d'Úsáideoirí atá le híoslódáil ag https://bz.procurement.ie/contracts/4260. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig support@ogp.gov.ie nó glao a chur ar 076 100 8000.



## Creat maidir le Seirbhísí i dtaobh Imscrúduithe Seachtracha ar an Ionad Oibre

Tá Creat-Chomhaontú nua ar fáil do scoileanna maidir le Seirbhísí Imscrúduithe Seachtracha ar an Ionad Oibre. Áirítear leis na seirbhísí atá ar fáil:

- Caidreamh san ionad oibre, go háirithe cásanna a bhaineann le bulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach;
- Imscrúduithe a bhfuil baint acu leis an gCód Araíonachta; agus
- Athbhreithnithe neamhspleácha ar imscrúduithe inmheánacha a bhaineann le (i) nó (ii) thuas, de réir mar a bhíonn gá leo.

Tá na sonraí iomlána maidir le conas an creat sin a úsáid sa Treoir d'Úsáideoirí, ar féidir í a íoslódáil ó **https://bz.procurement.ie/contracts/4261**. Ba chóir aon cheisteanna a chur chuig **support@ogp.gov.ie** nó glao a chur ar 076 100 8000.




Tá ár dtreoir 'Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtas Soláthair' le fáil lena híoslódáil i nGaeilge nó i mBéarla ó – **https://www.spu.ie/publications-2/procurement-guide/**

## Seaneagráin den Nuachtlitir

Tá seaneagráin de Nuachtlitir an Aonaid le fáil i nGaeilge agus i mBéarla anois ar ár láithreán gréasáin ag: **https://www.spu.ie/procurement-newsletters/**




# Na Teistiméireachtaí is Déanaí

## An méid a deir ár gCliaint fúinn

**Is iondúil gur beag an taithí a bíonn ag Príomhoidí Scoile agus ag Cathaoirligh na mBord Bainistíochta Scoile ar na rialacháin ná na próisis a bhaineann le soláthar poiblí ar bhonn tairiscintí. Dá bhrí sin, tá seirbhísí an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna thar a bheith luachmhar, agus bheadh sé an-deacair ar scoileanna dul i mbun tairiscintí murach an chabhair agus an saineolas a fhaigheann siad ó bhaill foirne fhoighneacha an Aonaid um Sholáthar do Scoileanna.**

- Bunscoil Phóil, Tuar an Daill, Luimneach

**Chuidigh an tAonad um Sholáthar do Scoileanna go mór linn an próiseas a leanúint i gceart. Rinne Fiona Coy obair den scoth agus chabhraigh sí linn ag gach céim agus le gach ceist.**

- An Bhunscoil Dhoiminiceach, Bóthar an Chlochair, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

Féach ár sonraí teagmhála thíos má bhíonn ceisteanna ginearálta, aiseolas sonrach nó moladh agat maidir le cén chaoi a bhfeadfaimis ár seirbhís do do scoil nó d'earnáil na scoileanna go ginearálta a fheabhsú.

**An tAonad um Sholáthar do Scoileanna,**
Comhchoiste na mBainisteoirí (JMB), Teach Emmet,
Bóthar Dhún Droma, Baile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath D14 V3K8

**T:** 01 203 5899 **F:** 01 269 5461
**G:** www.spu.ie **R:** procurementsupport@spu.ie

LEAN MUID
@SPUireland

NABMSE National Association of Boards of Management in Special Education · Educate Together · ACCS Association of Community and Comprehensive Schools · JMB AMCSS Secretariat · Catholic Primary Schools Management Association · An Foras Pátrúnachta · Church of Ireland Board of Education